Cá huair a gheobhaidh tú do chuid torthaí

Seolfaimid litir chugat agus chuig do dhochtúir ginearálta faoi thorthaí do scagthástála laistigh de 3 seachtaine ó choinne do scagthástála. Leagfar amach na chéad chéimeanna eile sa litir sin.

Cad ba cheart duit a bheith ag súil leis ó thorthaí na scagthástála

Beidh torthaí normálta tástála ag formhór na ndaoine. Ní bheidh reitineapaite orthu, nó d'fhéadfadh sé go mbeadh athruithe luatha ar a reitiní (cúl a súl). Má fhaigheann tú torthaí normálta tástála, tabharfaidh an clár scagthástála cuireadh duit do do choinne scagthástála eile i gceann 1 ó 2 bhliain.

Rachfar i dteagmháil leat le haghaidh coinne eile má bhíonn an méid seo a leanas i gceist:

- níl na grianghraif soiléir go leor chun torthaí a thabhairt
- tá reitineapaite dhiaibéiteach ort ar gá a measúnú a dhéanamh air
- aimsímid riochtaí súl eile nach diaibéiteas is cúis leo.

Má theastaíonn cóireáil uait, déanfaimid thú a atreorú chuig clinic cóireála Diabetic RetinaScreen in ospidéal. Beidh an t-iarmheasúnú agus an chóireáil sin saor in aisce.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi thorthaí do scagthástála, déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta a bheidh ábalta cuidiú leat.

Conas is féidir leat an baol go dtiocfaidh reitineapaite dhiaibéiteach ort a laghdú

- Freastail ar choinní do scagthástála súl reitineapaite diaibéití atá saor in aisce.
- Rialaigh do shiúcra fola agus do bhrú fola.
- Glac do chógas mar atá oideasaithe.
- Freastail ar chúram diaibéitis (gairmí sláinte) gach 6 mhí.
- Má chaitheann tú tobac, faigh tacaíocht chun cuidiú leat scor de. Tabhair cuairt ar www.quit.ie chun comhairle a fháil.

Cad le déanamh má thugann tú faoi deara go bhfuil athruithe ar do radharc

Má thugann tú faoi deara go bhfuil athruithe ar do radharc, nó má bhíonn aon imní ort faoi do shúile, ba chóir duit cuairt a thabhairt láithreach ar do dhochtúir ginearálta, do radharceolaí nó do dhochtúir súl. Ná fan go dtí do chéad choinne scagthástála eile.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na hathruithe sin:

- caillteanas tobann radhairc nó íogaireacht i leith solais
- spotaí nó línte dorcha ar snámh i do radharc (snámháin súile)
- radharc doiléir nó athraitheach (athruithe ar do radharc).

Teorainneacha scagthástáil na reitineapaite diaibéití

Ní chuirtear scagthástáil na reitineapaite diaibéití in ionad do ghnáth-scrúdaithe súl.

Cuardaítear reitineapaite dhiaibéiteach sa scagthástáil agus b'fhéidir nach n-aimseofaí riochtaí súl eile inti. Ní féidir brath 100% ar scagthástáil ar bith.

Conas a choinnímid do chuid faisnéise sábháilte

Coinneoimid do shonraí pearsanta agus taifid sláinte slán agus cinntímid a rúndacht. Úsáidimid agus stórálaimid do chuid faisnéise i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Ní úsáidimid ach an fhaisnéis a theastaíonn uainn maidir leis an méid seo a leanas:

- an tseirbhís cúraim sláinte is fearr a sholáthar duit
- chun cloí lenár bhfreagrachtaí sláinte poiblí.

Is féidir leat do chuid faisnéise pearsanta agus taifid do scagthástála go léir a iarraidh thrí theagmháil a dhéanamh le Diabetic RetinaScreen.

Áit ar féidir leat tuilleadh eolais a fháil

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Diabetic RetinaScreen: Scríobh chuig Diabetic RetinaScreen, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, Teach Óstaí an Rí, 200 Sráid Parnell, Saorphost FDN7633, Baile Átha Cliath 1, D01 A3Y8

Saorghlao 1800 45 45 55

Ríomhphost **info@diabeticretinascreen.ie**

Visit **www.diabeticretinascreen.ie**

Nó scan an cód QR seo chun uilleadh eolais a fháil:

Scan le haghaidh tuilleadh eolais

DR/PUB/CC-9 Rev 5 HSS01407 Foilsithe i mí an Meitheamh 2026

Diabetic RetinaScreen

An Clár Náisiúnta Scagthástála Reitiní do Dhiaibéitigh
The National Diabetic Retinal Screening Programme

Do threoir maidir le scagthástáil na reitineapaite diaibéití